Oifig na nOibreacha Poiblí
The Office of Public Works

# Comhairliúchán Poiblí ar na Dréachtphleananna um Bainistiú Priacal Tuile

TUAIRISC ACHOMAIR

2018

## Admhálacha

Admhaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) le buíochas an cúnamh, ionchur agus soláthar sonraí a fuarthas ó líon mór eagraíochtaí maidir le feidhmiú an Chláir Náisiúnta MBPTA. Admhaíonn an OPW ach go háirithe an cúnamh a fuarthas ó na hInnealtóirí Comhairleacha éagsúla agus ionchur agus tacaíocht luachmhar ó na hÚdaráis Áitiúla ar leibhéal tionscadail ins na limistéir staidéir uile.

Admhaíonn an OPW freisin an rannpháirtíocht ó bhaill den phobal i gcoitinne, ó eagraíochtaí ionadacha agus ó ghrúpaí eile ag gach céim den chomhairliúchán.

### Séanadh Dlíthiúil

Is mar bhonn eolais le céimeanna indéanta agus molta um fhreagairt ar phriacal tuile in Éirinn agus um ghníomhaíochtaí eile pleanála a bhaineann leis an rialtas a tugadh Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile chun cinn. Ní ceart úsáid a bhaint astu ná brath orthu chun críche ar bith eile ná i bpróiseas cinntithe ar bith eile.

### Cóipcheart

Cóipcheart – Oifig na nOibreacha Poiblí. Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den tuarascáil seo a chóipeáil ná a atáirgeadh gan chead i scríbhinn a fháil roimh ré ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

# CLÁR AN ÁBHAIR

**1. RÉAMHRÁ ..... 1**

**2. DRÉACHTPHLEANANNA UM BAINISTIÚ PRIACAL TUILE - COMHAIRLIÚCHÁN FOIRMEÁLTA ..... 1**

**2.1.** PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ..... 1
**2.2.** ACHOIMRE AR NA HAIGHNEACHTAÍ A RINNEADH ..... 4
**2.3.** MEASÚNÚ AR NA TUAIRIMÍ A TUGADH ..... 5

**3. CEISTEANNA COITIANTA ..... 5**

# 1. RÉAMHRÁ

Tá tacar Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile (na 'Pleananna') tar éis a bheith foilsithe i ndiaidh do chlár cuimsitheach (Clár Naisiúnta Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile Abhantraí MBPTA) a bheith déanta ina raibh anailís theicniúil agus dianchomhairiúchán agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara.

Tá measúnú agus mapáil déanta ag an gClár MBPTA ar an bpriacal tuile i limistéir atá sainithe a bheith faoi phriacal dóchúil suntasach tuile, agus ansin aitheantas tugtha aige don bheart nó na bearta is indéanta chun tabhairt faoin bpriacal. Sainíodh na limistéir seo tar éis an Réamh-Mheasúnaithe um Priacal Tuile a chuaigh faoi chomhairliúchán poiblí in 2011.

Leagtar amach na bearta molta féideartha chun tabhairt faoin bpriacal tuile sna limistéir seo i 29 Plean um Bainistiú Priacal Tuile a bhí bunaithe ar Mheasúnachtaí (Cuí) Straitéiseacha Timpeallachta agus Treorach um Ghnáthóga. Áirítear sna Pleananna, freisin, bearta ar féidir a bheith chun leasa gach réadmhaoine atá i mbaol, lena n-áirítear iad siúd nach ndearnadh measúnú orthu sa Chlár MBPTA. Tá na bearta atá leagtha amach sna Pleananna ar fáil ag www.floodinfo.ie.

Cuid rí-thábhachtach a bhí i rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara don phróiseas chun staitéis inmharthana fhadtéarmach a fhorbairt ar bhainistiú priacal tuile, mar a leagtar amach sna Pleananna. Thug Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) tosaíocht dá leithéid rannpháirtíochta chun cinntiú go bhfuil bearta um bainistiú priacal tuile fóirsteanach agus oiriúnach, chomh maith le héifeachtach ó thaobh na teicneolaíochta de; agus go dtugann siad faoi phríomhréimhsí imní áitiúil agus go gcuirtear i bhfeidhm iad i dtimpeallacht an phobail ar bhealach a gcuirfidh muintir na háite fáilte rompu.

Is ar thrí bhabhta comhairliúcháin áitiúla ag príomhchéimeanna a bhí béim an Chláir MBPTA. Ar an gceann dheireanach acu bhí an comhairlúchán poiblí agus páirtithe leasmhara ar na Dréachtphleananna, ina raibh próiseas comhairliúcháin reachtúil san áireamh.

Cuireann an tuairisc seo síos ar chomhairlúchán reachtúil na nDréachtphleananna, agus déanann sí achoimre ar na ceisteanna a thógtar go minic sna haighneachtaí, agus ar fhreagraí na gceisteanna sin.

# 2. DRÉACHTPHLEANANNA UM BAINISTIÚ PRIACAL TUILE - COMHAIRLIÚCHÁN FOIRMEÁLTA

## 2.1. PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Mar chuid den chomhairliúchán reachtúil, foilsíodh na Dréachtphleananna ar líne ó mhí Iúil go dtí go luath i mí Dheireadh Fómhair 2016, agus in éineacht leo, an t-eolas ar phróiseas an chomhairliúcháin reachtúla, freagraí ar Cheisteanna Coitianta agus cáipéisí tacaíochta cuí. Cuireadh na Dréachtphleananna ar fáil i gcóipeanna crua le gurbh fhéidir iniúchadh a dhéanamh orthu i bpríomhoifigí gach ceann de na húdaráis áitiúla. Cuirtear dátaí foilseacháin gach ceann de na Dréacht-phleanna, agus dátaí deiridh aighneachtaí ón phobal agus ó na Comhairlí ar fáil i Tábla 1 thíos.

I gcomhthráth leis an gcomhairliúchán reachtúil, d'éagraigh an OPW sraith de Laethanta Comhairliúcháin Phoiblí sna limistéir inar moladh bearta um bainistiú priacal tuile sna Dréachtphleananna. Thug sé seo deis do OPW bualadh arís le hionadaithe áitiúla, forais

ionadaíochta agus an pobal leis na bearta priacal tuile is fearr don cheantar ar fad agus an dréacht-bheart is fearr chun tabhairt faoin bpriacal tuile go háitiúil, chomh maith lena measúnachtaí timpeallachta bainteacha a mhíniú.

**Tábla 1 - Dátaí Comhairliúcháin ar na Dréachtphleananna um Bainistiú Priacal Tuile**

| Tionscadal / Plean (Uimh. Abhantraí) | Dáta | Dáta Deiridh le haghaidh Tuairimíochta | |
|---|---|---|---|
| | Foilseachán | Poiblí | Comhairlí |
| **Tionscadal MBPTA an Iarthuaiscirt – Loch nEathach An Bhanna:**<br>- An Feabhal, Gaoth Beara-Cuan na gCaorach, Bá Dhún na nGall Thuaidh, Loch Súilí agus Domhnach-Bun an Phobail (01)<br>Loch nEathach An Bhanna (06)<br>- An Éirne (36) | 19/08/2016 | 28/10/2016 | 21/11/2016 |
| **Tionscadal MBPTA an Oirthir:**<br>- An Bhóinn (07)<br>- An Ainí-An Ailbhine (08)<br>- An Life agus Cuan Bhaile Átha Cliath (09)<br>- Abhóca-Feartraí (10) | 22/09/2016 | 02/12/2016 | 23/12/2016 |
| **Tionscadal MBPTA an Oirdheiscirt:**<br>- Abhainn an Bharra (11)<br>- An tSláine & Cuan Loch Garman<br>- Baile Thaidhg-Banú (13)<br>- An Bhearú (14)<br>- An Fheoir (15)<br>- An tSiúir (16)<br>- Coilligeán-Machain - Cósta Theas Phort Láirge (17) | 19/08/2016<br>(An tSiúir: 04/10/2016) | 28/10/2016<br>(An tSiúir: 13/12/2016) | 21/11/2016<br>(An tSiúir: 31/01/2017) |
| **Tionscadal MBPTA Thiar Theas:**<br>- An Dubhabhainn (an Mhumhain) (18)<br>- Na Lí, Cuan Chorcaí agus Cuan Eochaille (19)<br>- Bandan-An Aighlinn (20)<br>- Dún Mánais-Beanntraí-An Ribhéar/Bá Neidíneach (21)<br>- An Leamhain-An Mhaing-Bá an Daingin (22) | 15/07/2017 | 23/09/2016 | 24/10/2016 |
| **Tionscadal MBPTA na Sionainne:**<br>- Bá Thrá Lí & An Fhéil (23)<br>- Inbhear Theas na Sionainne (24)<br>- An tSionainn (25/26)<br>- Inbhear Thuaisceart na Sionainne agus Cuan Malbay (27/28) | 15/07/2017 | 23/09/2016 | 24/10/2016 |
| **Tionscadal MBPTA an Iarthair:**<br>-Cuan Thoir Theas na Gaillimhe (29)<br>- Abhainn na Gaillimhe (30)<br>- Cuan Thuaidh na Gaillimhe (31/32)<br>- Abhainn na hOirimhe-Cuan Mó-An Fód Dubh-Cnocán an Líne (33)<br>-An Mhuaidh & Cuan Chill Ala (34)<br>- Cuan Shligigh & An Drobhaois (35) | 13/09/2016 | 22/11/2016 | 15/12/2016 |

Chuir an OPW na Dréachtphleananna os comhair Comhairlí Contae agus Cathrach chun moltaí a lorg ó Ionadaithe Tofa áitiúla. Mar chuid den chomhairliúchán reachtúil, bhí trí mhí ag na Comhairlí lena dtuairimí scríofa a chur chuig an OPW.

Fuair an OPW líon suntasach aighneachtaí scríofa mar fhreagra ar an bpróiseas comhairliúcháin. Bhí na haighneachtaí a fuarthas an tairbheach agus chuir siad bonn eolais faoi gcríochnú na léarscáileanna agus na bPleananna.

## 2.2. ACHOIMRE AR NA HAIGHNEACHTAÍ A RINNEADH

Cuireadh breis agus 500 tuairím isteach faoin bpróiseas foirmeálta poiblí comhairliúcháin ar na 29 Dréachtphlean, agus an mhórchuid de na tuairímí curtha isteach ag daoine den phobal. Tá mion-dealú fhoinse na dtuairímí sin leagtha amach i dTábla 2 thíos. Go hiondúil, bhí réimse éagsúla ceisteanna nó pointí i ngach aighneacht a rinneadh agus in amanna, leag siad líon mór ceisteanna éagsúla amach.

**Tábla 2 - Mion-Dealú na dTuairímí a Fuarthas ón Fhoinse**

| Foinse | An Líon Tuairímí |
|---|---|
| An Pobal | 54% |
| Cumainn / Eagraíochtaí neamhrialtasacha | 12% |
| Gnóthaí / Eagraíochtaí Gnó | 11% |
| Údaráis Áitiúla / Comhairlí | 7% |
| Ranna Rialtais / Gníomhaireachtaí Stáit | 7% |
| Polaiteoirí (Naisiúnta, Áitiúil) | 6% |
| Eagraíocht Fo-Stáit | 2% |

Tógadh roinnt ceisteanna coitianta i réimse aighneachtaí ar leith. Bhí roinnt ceisteanna dá leithéid mar an gcéanna in aigheachtaí ar leith, i.e., cuireadh an cheist chéanna ar níos mó ná Dréachtphlean amháin. Bhí a leithéid ceisteanna eile cosúil lena chéile nó bhí comhmholtaí acu, ach iad déanta ag daoine nó eagraíochtaí éagsúla maidir leis an suíomh céanna, agus/nó rinne an duine nó eagraíocht céanna iad ach iad bainte le suíomhanna éagsúla. Sampla dá leithéid ceisteanna is ea tuairimí ag cur i gcoinne nó ag tacú le beart molta maidir le suíomh ar leith, nó tuairim ag léiriú imní ar leith maidir le suíomhanna éagsúla. Cuirtear na ceisteanna coitianta seo a tógadh, agus na freagraí a bhaineann leo, ar fáil (i bhfoirm ghinearálta) i gCuid 3 anseo.

Tá machnamh iomlán déanta ar cheisteanna aonair eile faoi leith a tógadh tríd an bpróiseas comhairliúcháin agus tá bonn eolais curtha faoi na Pleananna acu. Cuirfear san áireamh iad níos faide ar aghaidh agus cuirfidh siad bonn eolais faoin dearadh mionsonraithe nuair a dhéantar na bearta molta a fhorbairt níos mó ag leibhéal áitiúil tionscadail sula gcuirtear ar Thaispeántas Go Poiblí iad nó sula gcuirtear isteach le haghaidh cead pleanála iad.

Daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a thóg ceist faoin gcomhairliúcán poiblí nach bhfuil curtha san áireamh faoi cheisteanna coitianta a tógadh mar atá leagtha amach san achoimre seo (Cuid 3) is féidir teacht ar fhreagra na ceiste agus mar a tugadh faoin gceist ach teagmháil a dhéanamh le:

Rphost: FloodInfo@opw.ie

Guthán: 01 647 6999 / 046 942 6999

### 2.3. MEASÚNÚ AR NA TUAIRIMÍ A TUGADH

Rinne an OPW agus a chuid sainchomhairleoirí measúnú iomlán ar na tuairimí go léir a cuireadh isteach chuig an OPW tríd an bpróiseas comhairliúcháin. Bhí an gníomh a d'éirigh as gach ceist a tógadh ag brath ar nádúr agus ar chomhthéacs na ceiste. Níor tógadh ach na gníomhartha seo, ach orthu siúd a tógadh tá:

- Athbhreithniú ar an mbeart a moladh, agus leasú ar an mbeart a leagadh amach sa Dréachtphlean.
- Athbhreithniú ar an mbeart a moladh, agus aird tugtha ar an gceist a bheith le cur sa mheá ag leibhéal tionscadail an mheasúnaithe (i.e., forbairt agus dearadh mionsonraithe an bhirt amach anseo sula gcuirtear i bhfeidhm é).
- Athbhreithniú ar an mbeart a moladh, agus cinneadh nár chóir leasú a dhéanamh ar an mbeart a leagadh amach sa Dréachtphlean.
- Leasú ar an bPlean, seachas leasú ar bheart faoi leith.
- Leasú maidir le measúnuithe timpeallachta, amhail bearta maolaithe agus/nó bearta monatóireachta breise a chur san áireamh.
- An cheist a thógáil le tríú páirtí, m.sh., údarás áitiúil, lena mbaineann an cheist.
- An cheist a chur san áireamh mar threoir nó mar rud atá le tabhairt faoi sa dara babhta de chur i bhfeidhm Treorach 'Tuile' an AE.
- Tugadh aird ar an gceist ach ceapadh gur chóir gan gníomh a dhéanamh mar gheall ar an léargas. Cuireadh soiléiriú san áireamh maidir leis an gceist a tógadh i gCuid 3, san áit chuí.

Is tábhachtach tabhairt faoi deara go ndéanfar níos mó comhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara nuair a dhéanfar na bearta a mheas ag leibhéal tionscadail ina mbeidh scéimeanna pobail um chosaint ar thuilte sula gcuirtear aighneacht isteach maidir le cead pleanála nó Taispeántas Poiblí (i gcás na dtionscadal á gcur bhfeidhm ag an OPW faoi na hAchta Dréineála Airtéirí) le cur i bhfeidhm na scéime.

## 3. CEISTEANNA COITIANTA

Leagann an Chuid seo amach, i bhfoirm ghinearálta, na ceisteanna a cuireadh go minic laistigh de na tuairimí a cuireadh isteach ar na Dréachtphleananna, agus freagraí na gceisteanna seo.

## Tábla 3 - Ceisteanna Coitianta agus Freagraí

### *Ceisteanna Ginearálta*

| Uimh. | Ceannteideal an Ghrúpa | Ceist / Tuairim | Freagra |
|---|---|---|---|
| 1 | **Limistéir atá i mBaol nach bhfuil Curtha San Áireamh i MBPTA / Pleananna** | Tugadh le fios sruthchúrsaí agus limistéir ina mbíonn tuile, nó atá tugtha don tuile, ach nach dtugtar fúthu sna Pleananna.<br><br>Tógadh ceisteanna sna haighneachtaí faoin gcaoi nár thug na Pleananna ach faoi limistéir ar leith, agus faoin gcúis nach bhfuiltear ag tabhairt faoi roinnt limistéar. | Aithníodh na limistéir ar a bhfuiltear ag díriú go príomha, ar a dtugtar Limistéir um Measúnú Breise (LMB'anna), tríd an Réamh-mheasúnú um Priacal Tuile (RPT).<br><br>Rinneadh an RPT agus é bunaithe ar chomhairliúchán poiblí in 2011, agus cleachtadh scagtha a bhí ann chun limistéir atá i mbaol suntasach féideartha a aithint, agus cuireadh san áireamh ann measúnú ar líon mór limistéar timpeall na tíre atá i mbaol féideartha. Bunaíodh é ar shonraí stairiúla tuilte san am a chuaigh thart, measúnaithe thuarthacha ar thuilte féideartha san am atá le teacht, agus comhairliúchán le húdaráis áitiúla. Níorbh fhéidir tabhairt faoi na fadhbanna tuile go léir sa tír in aon bhabhta / chlár amháin, mar sin de, tugadh tús áite do na limistéir (pobail) is mó priacail sa bhabhta seo.<br><br>Déanfar athbhreithniú ar an Réamh-mheasúnú um Priacal Tuile le linn 2018, agus is féidir go gcuirtear limistéir eile atá i mbaol san áireamh nach dtugtar fúthu sna Pleananna reatha mar chuid den athbhreithniú le suntasacht a rioscaí a mheas. Tá sé socruithe gur féidir an priacal i limistéir tuaithe a mheas níos faide le linn an dara babhta seo.<br><br>Cé nach leagann na Pleananna amach bearta nua, áitiúla le tabhairt faoin bpriacal tuile i limistéir taobh amuigh de na LMB'anna, cuireann siad síos ar pholasaithe agus ar oibreacha eile atá dírithe ar nó atá bainte le priacal tuile a laghdú ar fud na n-Abhantraí (m.sh., pleanáil spásúlachta, pleanáil phráinnfhreagartha agus caomhnú scéimeanna draenála), lena n-áirítear limistéir taobh amuigh de na LMB'anna. Anuas air sin, tá Grúpa Comhordaithe Idir-rannach um Polasaí Tuile ag cur réimse tionscnamh polasaí san áireamh a d'fhéadfadh cuidiú le priacal tuile i limistéir agus i mbailte, taobh amuigh de na LMB'anna sonraithe, a laghdú.<br><br>Chomh maith leis sin, chun tabhairt faoi fhadhbanna áitiúla tuile nach bhfuil aitheanta mar LMB'anna, is féidir go gcuirfidh na húdaráis áitiúla isteach ar mhaoiniú ón OPW faoi Mhionoibreacha um Maolú Tuilte & Scéim um Chosaint an Chósta (An Scéim Mionoibreacha) le dul i ngleic le fadhbanna tuile áitiúla trí réitigh áitiúla. Tá breis agus 400 tionscadal mionoibreacha maoinithe do limistéir taobh amuigh de LMB'anna, ó 2009 cheana féin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 | **Dealú Limistéar um Measúnú Breise (LMB'anna)** | Tógadh ceisteanna maidir le dealú na LMB'anna. | Cuireann fairsinge na limistéar um Measúnú Breise (LMB'anna) a anailísíodh faoin gClár Naisiúnta MBPTA an teorainn phlean forbartha is déanaí agus / nó an teorainn lasmuigh de limistéar uirbeach / forbartha reatha an phobail san áireamh. Áirítear roinnt limistéar taobh amuigh de seo, nuair is cuí, chun cinnte a dhéanamh de go gcuirtear réadmhaoin (nó scata réadmhaoine) atá go díreach in aice na bpobal san áireamh laistigh den LMB. |
| 3 | **Priacal Tuile Tuaithe** | Níor tugadh faoi limistéir tuaithe sna Pleananna, ina d'fhéadfadh réadmhaoin aonair a bheith faoi thuilte nó scoite le linn eachtraí tuile, agus ina d'fhéadfadh bóithre a bheith faoi thuilte agus dothrasnaithe. | Ní fhéadfaí gach fadhb tuile logánta sa tír a mheas ag úsáid anailís innealtóireachta in aon chlár amháin. Is ar na pobail lena mbaineanna an priacal is mó (LMB'anna) atá na Pleananna dírithe, mar sin de, a aithníodh tríd an Réamh-mheasúnú um Priacal Tuile (féach Cuid 3 de na Pleananna).<br><br>Cé nach leagann na Pleananna amach bearta nua, áitiúla le tabhairt faoin bpriacal tuile i limistéir taobh amuigh de na LMB'anna, cuireann siad síos ar pholasaithe agus ar oibreacha eile atá dírithe ar nó atá bainte le priacal tuile a laghdú ar fud na n-Abhantraí (m.sh., pleanáil spásúlachta, pleanáil phráinnfhreagartha agus caomhnú scéimeanna draenála), lena n-áirítear limistéir taobh amuigh de na LMB'anna. Anuas air sin, tá Grúpa Comhordaithe Idir-rannach um Polasaí Tuile ag cur réimse tionscnamh polasaí san áireamh a d'fhéadfadh cuidiú le priacal tuile i limistéir agus i mbailte taobh amuigh de na AFA's sonraithe a laghdú.<br><br>Tá sé socruithe gur féidir an priacal tuaithe a mheas níos faide le linn an dara bhabhta de chur i bhfeidhm na Treorach maidir le 'Tuilte' (2018-2021). |
| 4 | **Réamh-mheasúnú um Priacal Tuile (RPT) - Infreastruchtúr a mheas** | Léirigh aighneachtaí nach ndearna an RPT measúnú iomlán thionchair na tuile ar infreastruchtúr. | Chuir an RPT, a rinneadh in 2011 agus a bhí bunaithe ar chomhairliúchán poiblí ag an am sin, priacal tuile ar infreastruchtúr san áireamh, lena n-áirítear infreastruchtúr fóntais, infreastruchtúr taistil, agus ualú an-ard tugtha sa mheasúnú tuarthach d'infreastruchtúr criticiúil naisiúnta.<br><br>Déanfar athbhreithniú ar an Réamh-mheasúnú um Priacal Tuile faoi dheireadh 2018. Déanfar tionchair ar infreastruchtúr a mheas arís mar chuid den athbhreithniú seo. |
| 5 | **Grúpaí Pobail Tuile** | Tugadh le fios gur chóir ról a bheith ag grúpaí pobail tuile agus bearta tuile cuí á socrú do phobal. | Aithníonn OPW an tábhacht le rannpháirtíocht phoiblí agus le páirtithe leasmhara chun cinntiú go bhfuil bearta um bainistiú priacal tuile fóirsteanach agus oiriúnach, chomh maith le héifeachtach ó thaobh na teicneolaíochta de; agus cuireann sé fáilte roimh ghrúpaí pobail tuile.<br><br>Aithníonn an OPW ról Fhóraim Naisiúnta Tuile na hÉireann maidir le tacú le grúpaí pobail tuile. Cuideoidh taighde atá déanta ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil bonn eolais a chur faoi thacaíocht an stáit do ghrúpaí pobail tuile amach anseo. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6 | **Comhairliúchán Easnamhach** | Léiríodh tuairimí nach raibh na próisis chomhairliúcháin a bhí ann go dtí seo sásúil, agus go bhfuil gá le níos mó comhairliúcháin sula gcuirtear na bearta i bhfeidhm. | Cuid rí-thábhachtach a bhí i rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara don phróiseas chun staitéis inmharthana fhadtéarmach a fhorbairt ar bhainistiú priacal tuile, mar a leagtar amach anois sna Pleananna. Thug Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) tosaíocht dá leithéid rannpháirtíochta chun cinntiú go bhfuil bearta um bainistiú priacal tuile fóirsteanach agus oiriúnach, chomh maith le héifeachtach ó thaobh na teicneolaíochta de. Tá iarracht déanta ag OPW gníomhaíochtaí comhairliúcháin a chinntiú agus tá infheistíocht shuntasach déanta aige iontu.<br><br>Is ar thrí bhabhta comhairliúcháin áitiúla sna pobail a bhí mar chuid thábhachtach den Chlár MBPTA atá béim ar leith, agus beagnach 500 lá comhairliúcháin phoiblí (LCP) eagraithe laistigh nó cóngarach do na pobail ag príomhchéimeanna ar fud an Chláir. Thug na himeachtaí áitiúla comhairliúcháin deis do phlé duine le duine, agus rinne siad an míniú agus an tuiscint ar na ceisteanna mionsonraithe agus teicniúla atá bainteach le Clár MBPTA a éascú. Bhí na LCP'anna an-fhaisnéiseach chun feasacht ar an gClár a ardú agus chun bunábhar agus eolas áitiúil a chur ar fáil le bonneolais a chur faoi na léarscáileanna agus Pleananna tuile.<br><br>Anuas ar na LCP'anna, bhí dhá bhabhta comhairliúcháin reachtúla phoiblí; ceann faoi dhréacht-léarscáileanna tuile agus ceann eile faoi na Dréachtphleananna. Tá an OPW i mbun comhairliúcháin leanúnaí le páirtithe leasmhara ar fud an Chláir MBPTA trí réimse cruinnithe leis na Grúpaí Naisiúnta Stiúrtha agus Páirtithe Leasmhara MBPTA agus Grúpaí Stiúrtha/Comhairliúcháin an Tionscadail agus Grúpaí Dhul Chun Cinn an Tionscadail.<br><br>Leagtar amach sonraí a bhaineann le comhairliúchán a rinneadh tríd an gClár MBPTA i gCuid 4 de na Pleananna.<br><br>Beidh níos mó comhairliúcháin agus rannpháirtíochta leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara i gceist chun na bearta laistigh de na pleananna chur i bhfeidhm. Mar shampla, beidh leibhéal rannpháirtíochta áitiúla níos suntasaí i gceist maidir leis na bearta a moladh sa Phlean ag príomhchéimeanna i ndul chun cinn na hoibre dearaidh ag céim fhorbartha an tionscadail le haghaidh scéimeanna molta chun na bearta molta sin a thabhairt chun críche le cur isteach i gcomhair cead pleanála (i gcás na dtionscadal á gcur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla faoina hAchta um Pleanáil agus Forbairt) nó Taispeántas Poiblí (i gcás na dtionscadal á gcur bhfeidhm ag an OPW faoi na hAchta Dréineála Airtéirí). Eagrófar imeachtaí rannpháirtíochta áitiúla le heolas a chur ar na pobail cuí agus chun plé leo le linn dhul chun cinn an dearaidh, na forbartha agus chur i bhfeidhm na scéime atá molta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7 | **An Gá le Cur Chuige Rialtais Iomláine i leith Bhainistiú Priacal Tuile** | Chuir aighneachtaí béim ar an ngá le cur chuige comhorduithe maidir le bainistiú priacal tuile, agus na páirtithe cuí go léir páirteach ann. | Déanann an Grúpa Comhordaithe Idir-rannach um Polasaí Tuile idirghabháil agus comhordú a éascú idir na Ranna Rialtais chuí chun dearbhú go gcothaítear cur chuige an rialtais ar fad maidir le bainistiú priacal tuile.<br><br>Tá comhordú déanta ag an nGrúpa ar réimse leathan polasaí Rialtais maidir le cúrsaí tuile, lena n-áirítear treoirlínte pleanála, réamhaisnéisiú tuile agus polasaí árachais tuile. Tá tuairisc idirlinne an Ghrúpa, dar dáta 8 Samhain 2016, curtha os comhair an Rialtais agus faofa agus tá sé sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an OPW.<br><br>Leanann an Grúpa Idir-rannach lena chuid oibre, agus an dúrud eolas aige agus táirgeachta anois de bharr an Chláir MBPTA, chun níos mó moltaí ar thacaíocht agus cúnamh rialtais a thabhairt chun cinn do theaghlaigh agus do phobail chun tacú le bearta cosanta agus laghdaithe tuile. |
| 8a | **'Gníomhaireacht Aonair' na Sionainne** | Rinneadh cúpla aighneacht a mhol bunú gníomhaireachta aonair le hAbhann na Sionainne a bhainistiú. | Shocraigh an Rialtas Grúpa Comhordaithe Ghníomhaireacht Stáit um Priacal Tuile a bhunú i mí Eanáir 2016 chun an comhordú riachtanach maidir le priacal tuile a bhainistiú taobh na Sionainne.<br><br>Leagann an Chlár Oibre reatha amach, ar shuíomh gréasáin an OOP, bearta agus gníomhartha le priacal tuile d'abhantrach na Sionainne a bhainistiú. Tá forbairt tagtha ar Chlár Oibre an Ghrúpa, lena n-áirítear an mór-chinneadh a tógadh le measúnú a dhéanamh ar phlean a fhorbairt do chlár straitéiseach cothabhála ar na Sionainne. Tá fochoiste bunaithe ag an nGrúpa atá dírithe agus ag obair go gníomhach ar phlean a fhorbairt a chuirfidh stop le dearóiliú an chainéal abhann agus a chuirfidh leis na bearta molta do na limistéir sin lena mbaineann rioscaí measúnaithe a aithníodh trí Staidéar MBPTA na Sionainne. |
| 8b | **'Gníomhaireacht Aonair' / Grúpaí Comhorduithe** | Mhol roinnt aigneachtaí go mbunófar gníomhaireacht aonair leis an Abhantrach a bhainistiú. | Tá dualgais agus/nó cearta ag líon údarás agus foras maidir le habhantracha, amhail an OPW, údaráis áitiúla, ESB, Uiscebhealaí Éireann, agus tá róil rialúcháin ag eagraíochtaí eile le haghaidh aibhneacha, amhail an EPA, NPWS agus an IFI. Bíonn na húdaráis agus na forais sin ag comhoibriú go dlúth lena chéile ar chúrsaí aibhneacha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 9 | **Nuashonrú na Léarscáile Tuile** | Cuireadh tuairimí nó ceisteanna isteach maidir le léascáileanna tuile, agus má dhéanfar athbhreithniú / uasdátú orthu amach anseo.<br><br>Tuairimí go léiríonn léarscáileanna limistéir atá i mbaol tuile nach raibh faoi uisce san am a chuaigh thart. | Eagraíodh comhairliúchán reachtúil poiblí ar léarscáileanna tuile ón 20ú Samhain go dtí 23ú Nollaig 2015, an dá dháta sin san áireamh, agus tharla sé i ndiaidh sraith Laethanta Poiblí Comhairliúcháin ar chuidiú áitiúil.<br><br>Rinneadh measúnú ar aighneachtaí a fuarthas trí na próisis phoiblí comhairliúcháin seo, agus rinneadh na léarscáileanna a leasú, más cuí. Tugtar faoi deara nach ionann easpa tuile san am a chuaigh thart agus nach dtarlóidh tuile i limistéar amach anseo. Cé gur úsáideadh eolas tuile ón am a chuaigh thart le bonn eolais a chur faoi na léarscáileanna tuile, léiríonn na léarscáileanna tuile féideartha todhchaí (lena n-áirítear roinnt eachtraí eisceachtúla neamhchoitianta), seachas tuile a tharla go stairiúil a thaifead.<br><br>Thug an comhairliúchán reachtúil seo an ceart do na húinéirí talún agus réadmhaoine sin, a raibh a gcuid talaimh laistigh de cheann amháin de na trí réimse tuile féideartha, agóid theicniúil a chur isteach. Cuireadh isteach tríocha seacht agóid in éadan na léarscáileanna tuile. Agus measúnú déanta ar na hagóidí faoi na léarscáileanna tuile, a fuarthas trí phróiseas comhairliúcháin na léarscáile foirmeálta, tá athbhreithniú déanta ar na scáileanna trí suirbhéireacht / athchóiriú breise a dhéanamh san áit chuí.<br><br>Agus iad anois foilsithe, leanfaidh an OPW d'eolas cuí breise a chuirtear isteach a mheas maidir le mapáil tuile (m.sh sa chás a gcuirfeadh infreastruchtúr nua fisiciúil athrú ar phatrúin agus réimsí tuile, nó mar gheall ar eachtraí nua tuile a tharlódh agus go mbeadh gá le hathbhreithniú mapála a dhéanamh dá thairbhe), agus déanfaidh siad na léarscáileanna tuile a nuashonrú / leasú ar bhonn leanúnach más gá. |
| 10 | **Soláthar Léarscáileanna Tuile** | Cuireadh ceisteanna isteach maidir le cé acu a mbeadh na léarscáileanna curtha ar fáil amach anseo nó nach mbeadh. | Tá léarscáileanna deiridh ar phriacal tuile ó aibhneacha agus ón bhfarraige ar fáil ag www.floodinfo.ie. Bhí forbairt fhairsinge tuile, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí, léarscáileanna doimhneachta agus riosca do phobail atá i mbaol suntasach féideartha tuile agus líon léarscáileanna tuile eile, amhail léarscáileanna a chuireann tionchar féideartha athrú aeráide i gceist leis an bpróiseas MBPTA. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 11 | **Measúnú ar Athrú Aeráide** | Tógadh ceisteanna bunaithe ar cé acu a cuireadh athrú aeráide san áireamh agus na Pleananna á n-ullmhú, agus más amhlaidh gur cuireadh, cén chaoi? | An dócha go mbeidh tionchar suntasach ag athrú aeráide ar phriacal tuile in Éirinn amach anseo, amhail ardú mheánleibheál na farraige, méadú tonnghníomhaithe agus méadú féideartha ar bháisteach an gheimhridh agus ar dhianstoirmeacha an tsamhraidh. Is féidir go dtiocfadh le hathrú ar thalamhúsáide, amhail trí thíthíocht agus forbairtí nua eile, méadú a dhéanamh ar phriacal tuile amach anseo.<br><br>Áiríonn sa Chlár Naisiúnta MBPTA measúnú agus mapáil priacal tuile ar dhá chás féideartha amach anseo; an Cás Todhchaí Meán-raon agus an Cás Todhchaí Ardleibhéil. Cé gur ar phriacal reatha atá sé dírithe, rinne forbairt na roghanna faoin gClár MBPTA measúnú freisin ar fhairsinge tuile féideartha sa todhchaí, doimhneacht agus rioscaí bunaithe ar mhapáil tuile a rinneadh don dá chás todhchaí, le go n-aithneofaí bearta cosanta ar thuile nó bearta eile arbh fhéidir a bheith ag teastáil amach anseo, agus cé chomh solúbtha agus a bheadh bearta dírithe ar thabhairt faoi rioscaí reatha chun freastal ar riachtanais sa todhchaí. |
| 12 | **Turlaigh Screamhuisce** | Dhírigh líon aighneachtaí aird ar an ngá le tabhairt faoi priacal tuile screamhuisce / turlaigh. | Tá tús curtha ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) le tionscadal trí bliana ar Mhonatóireacht agus ar Mhunlú Screamhuisce agus Turlach chun níos mó staidéir a fhorbairt ar mheicníochtaí tuile screamhuisce agus chun tabhairt faoin easpa sonraí atá ar fáil sa réimse seo. Bunaíodh Coiste Comhairliúcháin don tionscadal seo ina bhfuil ionadaithe ó SGÉ, Coláiste na Trionóide Baile Átha Cliath (TCD) agus údaráis áitiúla cuí, Ranná Riatais agus Forais Stáit. Tá foireann curtha le chéile ag SGÉ cheana féin ar an tionscadal trí TCD agus tús curtha lena chuid oibre. Tá tomhsairí monatóireachta breise curtha isteach aige ar thurlaigh i Ros Comáin agus i nGaillimh (Ísealchríche an Ghoirt). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 13 | **Creimeadh Cósta** | Leiríodh ábhar imní faoi cheist chreimthe cósta. | Ní dhíríonn an Clár MBPTA, agus na Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile, ar chreimeadh cósta, ach ar chosaint in aghaidh tuile do 90 limistéir cósta a mheastar a bheith i mbaol suntasach féideartha tuile.<br><br>Tá measúnú naisiúnta déanta ag an OPW ar chreimeadh cósta (lena n-áirítear rátaí creimthe) faoin Staidéar Straitéise um Chosaint Cósta na hÉireann (ICPSS) agus tá torthaí an staidéir seo foilsithe ar shuíomh gréasáin an OPW. Is féidir breathnú ar na tuairiscí cuí agus an mapáil thuarthach bhainteach ar ghuais creimthe (go dtí 2050) ar shuíomh gréasáin an OPW.<br><br>(féach: http://www.opw.ie/en/flood-risk-management/floodanderosionmapping/icpss/)<br><br>Tá suirbhé agus measúnú déanta ag an ICPSS ar phriacal creimthe cósta ar an gcósta iomlán naisiúnta agus tá an t-eolas seo ar fáil do gach Údarás Áitiúil. Cuirfidh sé seo ar a gcumas pleananna agus straitéisí cuí a fhorbairt ar bhainistiú inbhunaithe an chósta ina gcontaetha lena n-áirítear oibreacha cosanta cósta a aithint, a chur in ord tosaíochta agus ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, iad a chur i bhfeidhm idir bhonn struchtúrtha agus neamh-struchtúrtha.<br><br>Is féidir leis na hÚdaráis Áitiúla oibreacha cosanta cósta a dhéanamh, taobh muigh de na bearta atá leagtha amach sna pleanana, ach úsáid a bhaint as a gcuid acmhainní féin. Más gá, is feidir go gcuirfidh siad moltaí ar aghaidh chuig na Ranna Rialtais lárnacha cuí le bearta cuí a mhaoiniú ag brath ar an infreastruchtúr nó na hacmhainní atá faoi bhagairt.<br><br>Cionn is gur féidir le hidirghabháil laistigh de cheantar cósta fadhbanna a chruthú níos faide anonn ar an gcósta, is fearr aon bhearta idirghabhála molta a fhorbairt i gcomhar le staidéar foirmeálta bhainistiú riosca ar chreimeadh cósta a bhfuil an fhadhb fiosraithe go cúramach aige agus fiosrú déanta ar an réimse iomlán roghanna bainistíochta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 14 | **Draenáil Uisce Stoirme Uirbí** | Tá tuairisciú déanta ag aighneachtaí ar thuile uisce dromchla áitiúil nó fadhbanna draenála, agus an cheist tógtha acu faoin bhfáth nach dtugtar faoi dhraenáil uisce stoirme uirbí sna Pleananna. | Tugann na Pleananna faoi fhoinsí tuile aitheanta a d'fhéadfadh a bheith suntasach i pobal amháin nó níos mó (LMB'anna), mar a cinneadh tríd an Réamh-mheasúnú um Priacal Tuile. Léirítear foinse na tuile a thugtar faoi do gach ceann de na LMB'anna i dTábla 3.1 sna Pleananna. Ní thuganna na Pleananna faoi fhoinsí priacal tuile laistigh de na LMB'anna nár ceapadh a bheith suntasach faoin RPT do na LMB'anna sin.<br><br>Aithníodh priacal tuile suntasach ó rith uisce dromchla nó fadhbanna draenála uisce stoirme uirbí i gcathair Bhaile Átha Cliath agus i Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. Tá bearta leis na rioscaí a bhainistiú curtha san áireamh sna Pleananna cuí.<br><br>Tá freagracht ar na húdaráis áitiúla as draenáil uisce stoirme uirbhí, agus as tabhairt faoi fhadhbanna áitiúla atá bainte leis an líonra draenála uisce stoirme uirbhí. Cuireadh an t-údarás áitiúil cuí ar an eolas faoi na tuairimí a rinneadh maidir le fadhbanna draenála uisce stoirme uirbí. |
| 15 | **Comharthaí Tacaíochta ar son nó Agóide in éadan na mbeart.** | Fuarthas líon aighneachtaí nár thacaigh le, nó nár chuir in éadan an bhirt a bhí molta do dhul chun cinn, nó go ginearálta do bhearta leis an riosca a laghdú. | Tugadh a leithéid d'aighneachtaí faoi deara agus rinneadh measúnú iomlán orthu. Glacadh le haighneachtaí ar son na mbeart molta chun cuidiú leis an mbeart atá leagtha amach sna Pleananna a dhearbhú. Sna cásanna a cuireadh i gcoinne rogha trí na haighneachtaí foirmeálta agus na Laethanta Comhairliúcháin Phoiblí, rinneadh measúnú air seo freisin agus, nuair ba chuí, rinneadh leasú ar an mbeart a bhí molta.<br><br>Ní mór tabhairt faoi deara nach bhfuil na bearta cosanta tuile molta atá leagtha amach sa Phlean deifnídeach críochnúil, agus beidh níos mó measúnuithe sonraithe ag teastáil ar bhonn áitiúil mar chuid den mheasúnú leibhéal-tionscadail atá ag teastáil chun an beart a ullmhú do phleanáil/Taispeántas Poiblí, agus déanfar níos mó comhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara. Ar an ábhar sin, tá níos mó deiseanna do dhearcadh an phobail tionchar a imirt ar aon bheart féideartha atá curtha chun cinn lena chur i bhfeidhm. |
| 16 | **Soláthar Eolais Theicniúla** | Cuireadh eolas teicniúil ar fáil i roinnt aighneachtaí a bhí bainteach le rogha nó dearadh an bhirt molta le forbairt do phobal ar leith. | Tugadh a leithéid d'aighneachtaí faoi deara agus rinneadh measúnú iomlán orthu. Cuireadh san áireamh eolas ar bith a cuireadh ar fáil a bhí suntasach agus cuí maidir le rogha agus/nó dearadh an bhirt a bhí molta agus, nuair is cuí, rinneadh an bearta molta a leasú dá réir.<br><br>Seachas sin, coinníodh an beart a bhí molta sa Phlean, ag brath ar chúiseanna leasaithe eile, mar d'fhéadfadh an rogha a leasú nuair ba chuí mar chuid den mheasúnú leibhéal-tionscadail atá ag teastáil leis an mbeart a ullmhú do phleanáil / Taispeántas Poiblí. Ag an gcéim seo, tá níos mó measúnuithe sonraithe ag teastáil ar bhonn áitiúil agus tugadh an t-eolas a cuireadh ar fáil le fios le húsáid sa mheasúnú seo.<br><br>Is amhlaidh a rinneadh measúnú ar mholtaí nó comhairle do bhearta eile agus, nuair is gá, rinneadh an beart molta a leasú dá réir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 17 | **Athruithe ar Bhearta Molta** | Is féidir gur tharla, nó go dtarlóidh, forbairtí nua sula gcuirtear na bearta molta i bhfeidhm. Anuas air sin, is féidir nár cuireadh roinnt ceisteanna áitiúla san áireamh agus na bearta molta á ndearadh. Cad é mar a chuirfear san áireamh iad sin? | Dearadh achoimrithe atá sna oibreacha nó 'Scéimeanna' um Faoiseamh Tuile Fisciúil Féideartha mar atá leagtar amach sna Pleananna a forbaraíodh tríd an gClár MBPTA, agus níl siad, ag an bpointe seo críochnaithe agus deifnídeach, nó níl siad réidh nó faofa le cur i gcrích. Tógfar gach ceann acu trí fhorbairt leibhéal-tionscadail lena n-áirítear níos mó rannpháirtíochta leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, dearadh sonraithe agus Taispeántas Poiblí / Dearbhú áitiúil nó aighneacht le haghaidh cead pleanála. Cuirfidh an measúnú agus an dearadh mionsonraithe seo réimse eolais bhreise san áireamh lena n-áirítear torthaí ar imscrúdú talún, forbairtí nua agus measunaithe timpeallachta leibhéal-tionscadail. Is féidir go ndéanfar leasú éigin ar an obair molta mar gheall ar an bpróiseas seo chun cinnte a dhéanamh de go ndéanfar é a chóiriú, a fhorbairt agus go bhfuil sé fóirsteanach laistigh de chomhthéacs áitiúil, agus go bhfuil sé ag teacht le reachtaíocht timpeallachta. Déanfar níos mó measúnaithe costais is tairbhe ar na bearta molta chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil an scéim indhéanta i ndiaidh miondearadh a dhéanamh uirthi. |
| 18 | **Damáistí Eacnamaíochta / Anailís Costais is Tairbhe** | Tógadh ceisteanna maidir le cé acu a rinneadh measúnú ar chostais fhreagairt éigeandála agus cailliúintí / damáistí tuile á meas. | Tá liúntas do chostais fhreagairt éigeandála curtha san áireamh sa ríomh do dhamáistí i gcás eachtra tuile do na ceantair go léir. Mar gheall air seo, cuirtear an laghdú ar chostais fhreagairt éigeandála trí bhearta cosanta tuile a chur i bhfeidhm, san áireamh mar thairbhe (i.e. damáiste a seachnaíodh) chun údar a thabhairt le caiteachas ar na bearta cosanta molta. |
| 19 | **Anailís Il-Chritéar (MCA) / Próiseas Roghnúcháin** | Cuireadh ceisteanna maidir leis an modh / bpróiseas roghnúcháin do bhearta molta.<br><br>Tá tuairimí tugtha fosta ar an Ualaithe Domhanda leagtha ar Chuspóirí éagsula, rud a thugann le fios go bhféadfadh roinnt acu a bheith mí-oiriúnach. | Tugtar 'Anailís Il-Chritéar', nó 'MCA' ar an modh anailíse a n-úsáidtear leis na roghanna a mheas. Is modh é seo chun rogha a mheas le taobh réimse de Chusóirí ualaithe éagsúla, le marc nó scór feidhmíochta a fháil, ar a dtugtar 'Scór Tairbhe MCA'. Leagtar amach an próiseas maidir le bearta um bainistiú priacal tuile a aithint agus a fhorbairt, chomh maith leis an measúnú 'MCA' i gCuid 7.3 de na Pleananna.<br><br>Úsáideann an MCA 'Ualaithe Domhanda' chun tábhacht ghinearálta, nó leibhéal 'tairbhe sochaíoch', gach Cuspóir a rangú. De réir mar is tábhachtaí an Cuspóir, is amhlaidh is mó an tUalú Domhanda, agus dá bhrí sin bíonn níos mó tionchair ag an gCuspóir leis an Scór Tairbhe MCA iomlán a shocrú agus rogha an bhirt um bainistiú priacal tuile atá molta. Ó tharla an ról lárnach atá ag na Cuspóirí agus a n-Ualaithe Domhanda i roghnú beart um bainistiú priacal tuile atá molta, chuaigh an OPW i gcomhairle leis an phobal maidir leis na Cuspóirí agus na hualaithe a bheadh tugtha do gach Cuspóir. Le haghaidh seo, rinne an OPW suirbhé neamhspleách ar bhreis agus 1000 duine sa phobal ar na hualaithe trí cheistneoir struchtúrtha, agus rinneadh torthaí an tsuirbhé seo a mheas ag Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus socraíodh na hualaithe do gach Cuspóir ansin. Mar sin de, is trí chomhairliúchán poiblí agus tuairim a socraíodh na hualaithe. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 20 | **Anailís Il-Chritéar (MCA) / Próiseas Roghnúcháin** | Tá tús áite tugtha do chúrsaí timpeallachta in áit daoine. | Níl tosaíocht ag cúrsaí timpeallachta ar dhaoine ach ní mór iad a mheas, ag cloí le reachtaíocht, le cinntiú nach ndéanann bearta atá molta damáiste don timpeallacht agus go n- íoslaghdaítear aon tionchar diúltach. Sa chur chuige seo maidir le hoibreacha um maolú tuilte, tá cothromaíocht réasúnta le leasa úinéirí maoine agus pobal a chaomhnú, chomh maith leis an timpeallacht i gcoitinne. Mar a chéile a chaitear le cuspóirí timpeallachta agus cuspóirí shóisialta agus eacnamaíocha nuair atá gach rogha do thairbhe, tionchair agus féidearthacht á meas. |
| 21 | **Easnaimh de 1% Caighdeán cosanta AEP** | Tá sé molta gur chóir glacadh le caighdeán cosanta níos airde (os cionn an '100-bliain' atá glactha ag an OPW do dhobharthuile). | Is é an Caighdeán Cosanta is fearr a thugann bearta um chosaint ar thuilte in Éirinn ná an cás reatha go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh tuile sárú de 1% bliantúil ann (AEP) le haghaidh dobharthuile agus 0.5% tuile AEP le haghaidh tuile taoide (a dtugtar an tuile 100 bliain agus 200 bliain orthu faoi seach). Bheadh na caighdeáin seo ag teacht ar an iomlán le gnáthchleachtas ar fud na hEorpa.<br><br>Tugtar faoi deara, más cuí gur féidir leis na caighdeáin seo méadú le haghaidh beart ar leith nó LMB ag brath ar chúinsí áitiúla. |
| 22 | **Tionchair In Aghaidh Srutha / Le Sruth** | Tá imní léirithe maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta ar phriacal tuile in aghaidh srutha nó le sruth. | Go hiondúil, ní bhíonn tionchar suntasach ag limistéir uirbeacha áitiúla a chosaint ó thuile aibhneacha an-eisceachtúil ar uisceleibhéil in aghaidh srutha agus le sruth. Is amhlaidh atá cionn is gur neamhshuntasach, go hiondúil, toirt an uisce tuile a stórálfaí sa limistéar faoi chosaint ach ab é sin, i gcompáráid le mór-thoirt na n-uiscí tuile ag sreabhadh síos an abhainn.<br><br>Go hiondúil, chuir forbairt na mbeart samhaltú na mbeart san áireamh sa chás go raibh oibreacha fisiciúla bainte leo. Rinneadh é seo le héifeacht na mbeart féideartha a shocrú chun priacal a laghdú, agus le haon tionchair in aghaidh srutha nó le sruth a mheas agus an sprioc a bhí leis ná cinnte a dhéanamh de nach ndéanann aon bheart molta priacal in aghaidh srutha nó le sruth a mhéadú. Sa chás gur aithníodh méadú féideartha priacail a bhí suntasach áit éigin eile, rinneadh an beart a dhiúltiú nó a leasú. Sa chás gur aithníodh mionmhéadú priacail, tabharfar faoi seo agus laghdófar é ag leibhéal-tionscadal an mheasúnaithe (féach Cuid 8.1 sna Pleananna) chun cinntiú nach méadóidh an beart priacal áit ar bith eile. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 23 | **Sócmhainní Cuideachta Tráchtála Stáit a Chosaint** | Tógadh ceisteanna faoin gcúis nár cuireadh roinnt sócmhainní infreastruchtúir san áireamh sna limistéir atá le tairbhe a bhaint as cosaint ar thuilte. | Sa chás go mbaineann sóchmhainn cuideachta tráchtála (lena n-áirítear cuideachtaí leathstáit) le limistéar atá le cosaint ag scéim 'pobail', bainfidh sé leas as cosaint. I gcásanna eile agus an sócmhainn scoite, áfach, cé gur féidir go gcuirfidh an OPW mapáil tuile ar fáil chun cuidiú le cuideachtaí a chur ar an eolas go bhféadfadh a gcuid sócmhainn(í) a bheith i mbaol, is faoi na cuideachtaí atá sé cinneadh a dhéanamh agus gníomhú nó tabhairt faoi bheartais leis an bpriacal a laghdú, de réir mar is gá nó cuí chun sábháilteacht a gcuid sócmhainní agus córas a chinntiú. |
| 24 | **Árachas** | Tá tuairisciú déanta ag aighneachtaí maidir leis an neamhábaltacht chun árachas tuile a fháil. | Tá mór-fhreagracht ar an Aire Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as polasaí árachais tuile an Rialtais. Tá ról ag an OPW cuidiú le comhlachtaí árachais an priacal a mheas agus an chosaint a chuirtear ar fáil a chur san áireamh sna limistéir sin atá cosanta ag scéimeanna OPW um cosaint ar thuilte. Tá Meabhrán Tuisceana ag an OPW agus Árachas na hÉireann, foras iondaíochta na tionsclaíochta árachais. Leagann sé seo amach na prionsabail faoin dóigh a n-oibríonn an dá eagraíocht le chéile chun cinnte a dhéanamh de go gcuirtear eolas fóirsteanach cuí ar fáil ar na scéimeanna críochnaithe seo d'árachóirí, le gur féidir leis an bpobal teacht ar árachas in éadan baol tuilte chomh fada agus is féidir, a éascú. Tá baill Árachas na hÉireann tiomanta don eolas go léir a chuireann an OPW ar fáil a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar neamhchosaint baol tuilte laistigh de na limistéir chosanta seo. Go dtí seo, chuir OPW sonraí ar fáil d' Árachas na hÉireann ar 18 scéim comhlánaithe go naisiúnta agus déanann Árachas na hÉireann suirbhéireacht ar a chuid ball le fáil amach cé chomh fairsinge agus atá clúdach árachais ar fáil sna ceantair sin. Léiríonn torthaí an tsuirbhé is deanaí go gcuireann 83% de pholasaithe árachais réadmhaoine i limistéir faoi chosaint clúdach in aghaidh baol tuilte san áireamh.<br><br>Is faoi árachóirí aonair atá sé cinneadh ar cé acu árachas a ofráil nó gan é sin a dhéanamh, leibhéal préimheanna a ghearrtar agus na téarmaí polasaí a bhaintear leis. Déanann comhlachtaí árachais cinntí tráchtála ar chlúdach árachais a chur ar fáil bunaithe ar mhéasúnú na bpriacal a nglacfaidís leo cás ar chás. Tá a gcuid uirlisí féin le haghaidh samhaltú tuile ag tionsclaíocht an árachais leis an leibhéal priacal a bhaineann le réadmhaoin aonair a mheas agus tá léirithe aici don OPW nach n-úsáidtear Léarscáileanna Tuile OPW le bonn eolais a chur faoina samhaltú tuile.<br><br>Is féidir le haon duine a bhfuil ceist nó gearán aige atá bainte le hárachas teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Eolais Árachais na hÉireann (01 676 1914 nó iis@insuranceireland.eu). Anuas air sin, bíonn an t-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (1890 88 20 90) ag plé go neamhspléach le gearáin neamhréitithe ó thomhaltóirí faoina ngnóthaíocht aonair le soláthraithe seirbhísí airgeadais go léir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 25 | **Cothabháil Chainéil** | Tuairiscíodh fadhbanna tuile de thairbhe easpa cothabhála cainéal agus sruthanna. | Ní chuireann cothabháil chainéil an caighdeán cosanta in in éadan priacal tuile suntasaí atá mar chroílár an Chlár MBPTA.  Cuidíonn sí áfach le sreabhadh uisce sna haibhneacha agus is féidir léi constaicí a laghdú a bhaineann le huisce ag baint an fharraige amach.<br><br>Tá dualgas reachtúil ar an OPW na cainéil (agus na claífoirt) atá mar chuid de Scéim Artaireach Draenála a chothabháil, agus tá clár leanúnach cothabhála aige.<br><br>Tá dualgas reachtúil ar na húdaráis áitiúla cothabháil a dhéanamh ar chainéil ata mar chuid de Cheantar Draenála.<br><br>Tá roinnt treorach foilisithe ag an OPW d’úinéirí talún a bhfuil a gcuid talún taobh le sruthchúrsaí, do chainéil aibhneacha agus sruthanna nach bhfuil páirt de scéim mar atá thuas luaite.  Tá an treoir seo ar fáil www.flooding.ie |
| 26 | **Cothabháil a Dhéanamh ar Chainéil - an tSionainn** | Ní mór cothabháil a dhéanamh ar an tSionainn agus a cuid craobh-aibhneacha. | Tá oibreacha cothabhála dírithe ar an tSionainn curtha i gcrích ag Grúpa Gníomhaireachta Comhorduithe na Sionainne um Priacal Tuile laistigh de dheiseanna séasúracha timpeallachta agus ceadúnais.  Thóg an Grúpa mór-chinneadh maidir le méasúnú a dhéanamh ar phlean a fhorbairt do chlár straitéiseach cothabhála ar an tSionainn.  Tá fochoiste bunaithe ag an nGrúpa atá dírithe agus ag obair go gníomhach ar phlean cothabhála a fhorbairt a chuirfidh stop le dearóiliú an chainéal abhann. Tá a chuid oibre ag plé le ceisteanna dlíthiúla agus timpeallachta, chomh maith le féidearthacht na hinfheistíochta a mheas. |
| 27 | **Cothabháil a Dhéanamh ar Chosaint Tuilte** | Moltar gur chóir do na Pleananna cothabháil ar shócmhainní bainistíochta reatha um priacal tuile a chur san áireamh | Tá dualgas reachtúil ag an OPW faoin Acht Siltin Airtéirigh,1945, agus Leasú na hAchta, 1995, na Scéimeanna Dréineála Airtéirí agus Scéimeanna Cosanta i gCás Tuilte a chothú, agus ní leasaíonn na Pleananna na freagrachtaí sin. Tá cothabháil déanta ar infreastruchtúr eile bainistíochta i gcás tuilte ag na forais atá freagrach as na sócmhainní sin. Tá na forais chuí curtha ar an eolas maidir le tuairimí a fuarthas faoi chothabháil ar infreastruchtúr bainistíochta i gcás tuilte nach dtiteann faoi fhreagracht an OPW. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 28 | **IPP / Athlonnú** | Thug na haighneachtaí faoi deara an gá leis na Scéimeanna IPP agus Athlonnaithe Deonaí le haghaidh Úinéirí Tí agus d'fhiosraigh cá huair a mbeidís curtha i bhfeidhm. | **IPP:**<br><br>Is féidir le Cosaint Réadmhaoine Aonair (IPP) a bheith éifeachtach le laghdú a dhéanamh ar dhamáiste d'ábhair, troscán agus fearais tí nó gnó, ach ní bhaineann le gach cás (mar shampla, d'fhéadfadh nach bhfuil siad fóirsteanach do limistéir atá faoi thuile dhomhain nó faidréiseach, nó do chinéal áirithe réadmhaoine a bhfuil dúshraitheanna nó urlárlach thréscaoilteach acu). Ba cheart d'úinéirí réadmhaoine atá ag smaoineamh ar a leithéid módhanna a úsáid comhairle a lorg ar shaineolaí cáilithe, mar is cuí, faoi cé chomh fóirsteanach agus atá na beartais dá réadmhaoin, agus na riachtanais fhéideartha do mheasúnú timpeallachta a mheas.<br><br>Cé gur féidir go mbeidh roinnt faoiseamh cánach do roinnt oibreacha ar bhailte atá dírithe ar phriacal tuile a chosc, tá na socruithe riarúcháin faoi chaibidil ag an nGrúpa Comhordaithe Idir-rannach um Polasaí Tuile, le measúnú ag an Rialtas, maidir le haon cúnamh cuí d'úinéirí tí, sa chás go bhfuil sé fóirsteanach beartais Cosanta Réadmhaoine Aonair a chur isteach dá réadmhaoin. Tá na Pleananna ag tabhairt bonn eolais dá chuid oibre agus don dá tionscadal píolóta a d'fhógair an Rialtas i mí Eanáir 2016 i gCill Chainnigh (Baile Mhic Andáin agus Gráig na Manach) agus Maigh Eo (Crois Mhaoilíona).<br><br>**Athlonnú:**<br><br>I gcásanna eisceachtúla, is féidir go mbeidh an priacal tuile ar theach chomh mór sin nach bhfuil sé inghlactha go leanfadh úinéirí de bheith ina gcónaí sa cheantar sin, agus is féidir go mbeidh sé dodhéanta tabhairt faoi bheartais le tuile an cheantair a laghdú. Is féidir leis an úinéir tí cinneadh a dhéanamh le hathlonnú i gcásanna dá leithéid.<br><br>Mar fhreagra ar thuilte an Gheimhridh 2015/2016, d'aontaigh an Rialtas leis na socruithe riarúcháin do scéim aonuaire athlonnaithe deonaí le haghaidh úinéirí tí, chun cabhair dhaonnúil a chur ar fáil dóibh siúd is mó buailte ag an eachtra tuile. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 29 | **SUDS / Rith Chun Srutha** | Tá gá le polasaí Naisiúnta SUDS. Ní mór rith chun srutha ó fhorbairt suas an abhainn a smachtú / bhainistiú. | Is féidir le Córais Draenála Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS) ról a bheith acu chun tuile uisce dromchla áitiúla a laghdú agus chun rith chun srutha a bhainistiú ó fhorbairtí nua go córais draenála uisce dromchla, a laghdaíonn éifeacht a leithéid forbairtí ar bhaol tuile síos an abhainn, chomh maith le caighdeán an uisce a fheabhsú agus cur le háiseanna áitiúla. Tá measúnú déanta ar an deis SUDS do na AFAs faoin gClár CFRAM, agus comhairle agus torthaí curtha ar fáil do na húdaráis áitiúla chuí. Tá beart curtha san áireamh sna Pleananna go lorgóidh na húdaráis pleanála fairsinge dromchlú agus pábháil crua a laghdú agus go mbeidh orthu, ag brath ar torthaí an mheasúnaithe timpeallachta, teicnicí draenála inbhunaithe a úsáid, de réir Treoirlínte ar an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (2009). |
| 30 | **Pleanáil nó Forbairt Neamhfhóirsteanach** | Zónáladh talamh le haghaidh forbartha atá tugtha do thuilte, agus/nó tá cead á thabhairt le haghaidh forbartha i gceantair atá i mbaol tuile. | Is beart tábhachtach chur i bhfeidhm leanúnach na dTreoirlínte ar an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte atá leagtha amach sna Pleananna, arna forbartha i gcomhpháirt ag an OPW agus An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus a foilsíodh in 2009 faoi Chuid 28 de na hAchtanna Pleanála. Creatlach dhaingean dhocht thrédhearcach atá sna Treoirlínte seo agus baol tuile á meas i bpleanáil agus i mbainistiú forbraíochta chun forbraíocht mí-oiriúnach a sheachaint i gceantair atá tugtha do thuilte. Tá sé mar sprioc ag na Treoirlínte, trí Chriosanna Tuile a shainmhíniú agus leochaileacht talamhúsáide / cinéalacha forbraíochtaí, chun forbraíocht mí-oiriúnach a sheachaint i gceantair atá tugtha do thuilte.<br><br>Ba chóir go n-éascóidh an mapáil tuile, atá forbartha tríd an gClár Naisiúnta CFRAM, agus go gcuirfidh sí bonn eolais faoi chur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo chun cuidiú le níos mó fadhbanna tuile a sheachaint ar fud na tíre.<br><br>Cuireann an OPW seirbhísí comhairleacha leanúnach ar fáil do na hÚdaráis Phleanála maidir le baol tuile á meas i réamhphleanáil, agus maidir leis an úsáid chuí as léarscáileanna CFRAM tuile agus eolas eile atá ábhartha.<br><br>Ní mór tabhairt faoi deara áfach go mbaineann cinntí bainistíochta ar phleanáil agus ar fhorbairt leis na hÚdaráis Phleanála cuí. Tá na hÚdaráis Phleanála cuí curtha ar an eolas maidir le barúlacha a bhaineann le bainistíocht ar phleanáil agus ar fhorbairt. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 31 | **Pleanáil nó Forbairt Neamhfhóirsteanach** | Tá forbairt teoranta gan ghá mar gheall ar bhaol tuile. | Cé go bhfuil sé mar chuspóir ag na Treoirlínte ar an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (2009) forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuile, tá sé aitheanta go bhfuil gá leis an bhfás agus leis an athfhorbairt in ionaid uirbeacha agus díreach thart ar an ionad uirbeach atá ann. Cuireadh Tástáil Chosanta san áireamh leis na Treoirlínte lena leithéid fáis agus athfhorbartha a cheadú nuair is gá ar bhealach rialaithe Tá béim curtha go bhfuil an Tástáil Chosanta sna Treoirlínte bainte le hIonaid Uirbeacha amháin, agus nár cheart a úsáíd le forbairt mhíchuí a chosaint seachas sin ar imeall phobal (m.sh., forbairtí cónaithe nua i gCrios Tuile A nó B).<br><br>Ní mór tabhairt faoi deara áfach go mbaineann cinntí bainistíochta ar phleanáil agus ar fhorbairt leis na hÚdaráis Phleanála cuí. Tá na hÚdaráis Phleanála cuí curtha ar an eolas maidir le barúlacha a bhaineann le bainistíocht ar phleanáil agus ar fhorbairt. |
| 32 | **Bearta Neamhstáit um Faoiseamh Tuile** | Níor cuireadh roinnt beart molta le haghaidh faoiseamh tuile atá pleanáilte le bheith curtha i bhfeidhm ag aonáin phríobháideacha / tráchtála san áireamh sna Pleananna. | Leagann na Pleananna amach na straitéisí agus gníomhartha molta an Stáit le priacal tuile a bhainistiú go héifeachtúil amach anseo.  Is féidir go dtabharfaidh aonáin phríobháideacha agus tráchtála, lena n-áirítear cuideachtaí tráchtála an stáit, faoi bheartais eile bainistíochta um priacal tuile lena gcuid sócmhainní agus próiseas féin a chosaint.  Ní mór a leithéid beart a mheas, áfach, chun cinnte a dhéanamh de nach méadaíonn na bearta priacal tuile in aghaidh srutha nó le sruth. |
| 33 | **Réamhaisnéis Tuile** | Mhol líon aighneachtaí cur i bhfeidhm córas réamhaisnéise tuile. | Shocraigh an Rialtas i mí Eanáir 2016 Seirbhís Naisiúnta um Réamhaisnéis agus Rabhadh Tuile a bhunú.  Pléifidh an tseirbhís le réamhaisnéis tuile ó fhoinsí aibhneacha agus cósta agus nuair a bhunófar í, beidh réamhaisnéis tuile agus rabhaidh eisithe ar bhonn naisiúnta agus ceantar.<br><br>Tógfaidh an tseirbhís cúig mbliana de phleanáil agus de thástáil le bheith faoi lán seoil agus beidh sí ina tairbhe suntasach do phobail agus do dhaoine aonair le hullmhú do thuile agus le tionchar tuile a laghdú. Go dtí go gcuirtear an tseirbhís seo i bhfeidhm, tá réimse córas réamhaisnéise agus eolas áitiúil, idirlinne agus ionadaíoch, lena n-áirítear rabhaidh curtha ar fáil ag an gCóras Eorpach maidir le Feasacht Tuile. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 34 | **Ceisteanna Priacail Neamh-Thuile**<br><br>**Ceisteanna d'Údaráis Eile** | Tógadh ceisteanna maidir le cúrsaí seachas priacal tuile.<br><br>Ní mór d'Údaráis eile tabhairt faoi na ceisteanna sin. | Tá an Clár CFRAM, agus na Pleananna dírithe ar cheisteanna ar bhainistíocht riosca i gcás tuilte. Cé gur cuireadh ceisteanna níos ginearálta san áireamh, ní hiad na Pleananna an bealach cuí le bheith ag plé le / cur le cúrsaí bainteacha amhail soláthar uisce, caighdeán uisce, scéimeanna hidrileictreacha nó cúrsaí eile nach bhfuil baint dhíreach acu le priacal tuile.<br><br>Tógadh ceisteanna le linn comhairliúcháin phoiblí a bhaineann le húdaráis eile agus tugadh na húdaráis sin le fios maidir leo (amhail cúrsaí pleanála ar leith nó ceisteanna bainte le draenáil uisce stoirme uirbí). |
| 35 | **Amchláir lena gCur i bhFeidhm** | Tógadh ceisteanna maidir leis an amchlár do Chur i bhFeidhm na mBeart Molta, agus éilimh ann le tús áite a thabhairt do réimsí áirithe. | Ní bheidh sé indéanta na céimeanna uile a chur cinn láithreach; mar sin, caithfear na scéimeanna atá molta a chur in ord tosaíochta. Cuimsíonn Plean Forbartha Náisiúnta an Rialtais (PFN) leithdháileadh iomlán maoinithe €940m le linn saolré an Phlean mar bhonn le seachadadh an chláir oibreacha caipitiúla um fhaoiseamh tuile. Méadófar an leithdháileadh maoinithe caipitiúil go €100m in aghaidh na bliana faoin bhliain 2021.<br><br>Is chun an tairbhe is mó a bhaint amach de réir infheistíocht an Rialtais atá cur chuige in ord tosaíochta á ghlacadh maidir le seachadadh na scéimeanna um fhaoiseamh tuile atá molta ins na Pleananna. Tá an cur chuige in ord tosaíochta á chur i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach. |
| 36 | **Iarratas ar Theagmháil ag an gCéad Chéim Eile** | Cuireadh iarratais isteach chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán a bheas ann don chéad chéim fhorbartha eile de na bearta molta. | Fógrófar go háitiúil eachtraí comhairliúcháin a bheas ann nuair atá an beart cuí á chur chun cinn chuig an gcéad chéim fhorbartha eile, agus beidh siad oscailte don phobal ar fad agus páirtithe leasmhara. |
| 37 | **Cúiteamh** | Ceisteanna faoi cé acu a d;fheadfadh úinéirí talún cúiteamh a fháil mar gheall ar fhoilsiú na léarscáileanna tuile agus/nó na bPleananna, nó moilleanna i gcur i bhfeidhm na mbeart molta. | Ní chruthaíonn na léarscáileanna tuile agus Pleananna riosca tuile, ach aithníonn cá háit a bhfuil sé agus cad a bhí, a bhíonn nó atá molta le déanamh leis an riosca a bhainistiú agus a laghdú. Mar sin de, ní chuirtear cúiteamh ar fáil mar gheall ar fhoilsiú na léarscáileanna tuile nó na bPleananna.<br><br>Is féidir go mbeadh úinéirí réadmhaoine agus talún atá thíos le tógáil scéime um faoiseamh tuile ar bith, i dteideal cúitimh, ag an am sin. |

## *Ceisteanna Timpeallachta*

| | | | |
|---|---|---|---|
| E1 | **Comhordú leis an gCreat-treoir Uisce (WFD) / Pleananna Bainistíochta Abhantraí** | Léiríodh imní maidir le tionchar agus éifeacht an chomhordaithe. | Tá an OPW ag comhordú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar atá leagtha amach i gCuid 6.5 sna Pleananna. Ar an gcomhoibriú seo bhí cruinnithe dhéthaobhacha, tras-ionadaíocht idir na grúpaí bainistíochta OPW agus WFD, malartú eolais chuí agus roinnt tús-oibre ar chomhordú na mbeart.<br><br>Leanfaidh an OPW de bheith ag obair leis an GCC le bearta a aithint, nuair is cuí, a rachaidh chun sochair spriocanna bainistíochta WFD agus priacal tuile araon, amhail bearta um coinnéal uisce nádúrtha, agus chun bearta a aithint agus tabhairt fúthu a d'fhéadfadh bheith ina n-ábhar coimhlinte idir spriocanna an dá Treorach. |
| E2 | **Easpa Cur Chuige Bunaithe ar Dhobharcheantar** | Ní aithnítear sa Phlean mianach iomlán chur chuige bainistíochta bunaithe ar dhobharcheantar comhtháite mar tá easpa comhordaithe iomláine leis an WFD agus easpa comhtháthaithe agus easpa comhpháirtíochta le forbairt Phlean Bainistíochta na hAbhantraí. | Go stairiúil, tá measúnú agus forbairt na scéimeanna um faoiseamh tuile dírithe ar phobail aonair. Faoin gClár CFRAM, rinneadh an anailís hidreolaíoch agus hiodrálach, agus an measúnú ar na bearta indéanta féideartha ar bhonn measúnaithe spásúlachta iomadúla, ón leibhéal reigiúnda, go leibhéal dobharcheantair agus fo-dhobharcheanrair, síos go dtí an pobal aonair. Mar shampla, ar an réimse féideartha beart a cuireadh san áireamh, tá stóráil tuilte in aghaidh srutha a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste ag pobail iomadúla le sruth. Is minic, áfach, nach bhfuil a leithéid beart indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de mar gheall ar thoirt na dtuilte a bheadh le stóráil.<br><br>Leanfaidh an OPW de bheith ag obair leis an GCC agus gníomhaireachtaí eile, chun bearta a aithint, nuair is féidir, a mbeidh ina mbuntáiste ag an WFD, bithéagsúlacht agus spriocanna eile féideartha chomh maith le spriocanna bainistíochta um priacal tuile, amhail bearta um coinneáil uisce nádúrtha. |
| E3 | **Cosaint Nádúrtha Reatha a Mheas** | Léiríodh imní maidir leis an ngá chun cosaint nádúrtha ar thuilte a chosaint nó a fheabhsú, amhail dumhcha agus riasca tuile. | Tá cosaint reatha curtha san áireamh leis an measúnú ar phriacal tuile faoin gClár CFRAM, mar atá tírghnéithe nádúrtha, laistigh den samhaltú hiodrálach, atá dinimiciúil (seachas glacadh le sreabhadh nó leibhéil uisce leanúnach) agus mar sin de dhéanfadh sé an maolúchán a chuireann limistéir stórála nádúrtha ar fáil a athchruthú. Is féidir tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an ngá lena leithéid gnéithe a fheabhsú ag an gcéad chéim fhorbartha eile de na bearta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| E4 | **Tionchair Dhiúltacha spriocanna ón gCreat-treoir Uisce (WFD)** | Léiríodh imní go bhféadfadh an beart molta tionchair dhiúltacha a imirt ar spriocanna WFD. | Tá measúnú déanta ar na bearta is cuí le priacal tuile a laghdú nó a bhainistiú laistigh de gach dobharcheantar agus gach ceann de na 300 Limistéir um Measúnú Breise (LMB) ar fud na hÉireann. Phléigh gné amháin den mheasúnú leis an tionchar ionchasach beart féideartha ar fhorais uisce ag baint amach a gcuid spriocanna WFD. Shocraigh an measúnú seo cad iad na bearta a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu i leith spriocanna an WFD, ag athrú de réir scála agus faid. Phléigh sé fosta leis na mór-thionchair agus tairbhí don timpeallacht agus don tsochaí maidir le gach sprioc mar chuid den mheasúnú ar roghanna inmharthana chun priacal tuile a bhainistiú don phobal.<br><br>Tabharfaidh an measúnú ag leibhéal tionscadail deis mion-luacháil a dhéanamh ar na tionchair ionchasacha den bheart deiridh ar hidreamoirfeolaíocht an dobharlaigh, ar an réisím hidreolaíoch agus an stádás le tabhairt faoi lena n-áirítear nuair is gá (mura féidir tionchair a sheachaint nó a laghdú), mionluacháil faoi Alt 4(7) den WFD (maolú bainte le meath a chúisíonn athruithe nua). Cuirfidh sé seo leis an tús-obair a rinneadh le linn ullmhúcháin na bPleananna. |
| E5 | **Gá le Comhordú agus Maoirseacht i Socruithe Rialaithe sa Todhchaí** | Ní mór don OPW 'cur i bhfeidhm comhordaithe na Treorach a chur chun cinn ar fud limistéar abhantraí nó aonaid bhainistíochta eile'. Ní soiléir cad é mar a bhainfear an comhordú seo amach. | Cuireadh struchtúir bhainistíochta ar bun do chur i bhfeidhm Athbhreithniú an Pholasaí Tuile (2004) agus an Chlár CFRAM, ar na struchtúir seo a bunaíodh tá an Grúpa Idir-Rannach um Comhordú Polasaí Tuile, An Grúpa Náisiúnta Stiúrtha CFRAM agus Grúpaí Staidéir / Reigiúnach Stiúrtha agus Dhun Chun Cinn.<br><br>Leanfaidh an Grúpa Idir-Rannach um Comhordú Polasaí Tuile de monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Athbhreithnithe ar Pholasaí Tuile (2004), lena n-áirítear cur i bhfeidhm na mbeart molta mar atá leagtha amach sna Pleananna. Pléifidh sé freisin leis an bhfianaise agus eolas atá ar fáil ón gClár CFRAM le bonn eolais a chur faoina chuid moltaí le haghaidh tuilleadh cúnaimh agus tacaíochta do bhearta neamhstruchtúracha breise. |
| E6 | **Monatóireacht Neamhspléach ar Bhearta Laghadaithe agus Coinníollacha Pleanála** | Moltar gur gá monatóireacht neamhspléach a dhéanamh le cur i bhfeidhm cuí agus monatóireacht ar bhearta laghadaithe agus coinníollacha cead pleanála a chinntiú. | Beidh an t-údarás atá freagrach as dul chun cinn an bhirt (an OPW nó na húdaráis áitiúla go hiondúil) freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcloítear le gach rialú cuí trína gcumhachtaí faoi seach) go hiondúil An tAcht Siltin Airtéirigh do bhearta atá á dtreorú ag OPW agus Cuid 8 Pleanáil do bhearta átá a dtreorú ag an údarás áitiúil). Áiríonn an fhreagracht seo cinnte a dhéanamh de go gcloíonn monatóireacht le haon riachtanais ceada. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| E7 | **Soláthar Achmainní agus Saineolais in Údaráis Áitiúla** | Cuireadh an cheist maidir le heaspa acmhainní a bheith curtha ar fáil d'fhoireann a bhfuil saineolas éiceolaíoch acu ag leibhéal an údaráis áitiúla chun measúnú agus monatóireacht chuí na dtionscadal a chinntiú. | Meastar go ndéanfaidh an OPW go leor de na bearta a leagtar amach sa Phlean a mbeidh tuillleadh measúnaithe éiceolaíoch agus monatóireachta uathu a thabhairt chun cinn, a dhearbhóidh go gcomhlíontar gach riachtanas rialála mar is cuí.<br><br>Taobh amuigh de réimse an Phlean atá sé riachtanais acmhainne údarás áitiúla a shocrú, ach fachtóir ábhartha a bheas in acmhainn le haghaidh chur i bhfeidhm éifeachtaigh, agus le gach riachtanas rialála a chomhlíonadh, chun bealaigh chur i ngníomh a shocrú do gach beart. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| E8 | **Róbhéim ar Bhearta Struchtúracha / Easpa Beart um Coinneál Uisce Nádúrtha (NWRM)** | Léiríodh imní maidir le heaspa measúnaithe ar bhearta a bhaineann le bainistíocht talamhúsáide agus Coinneáil Uisce Nádúrtha. | Sularb ann do leasú 1995 de chuid an Achta Siltin Airtéirigh 1945, ba ar shiltean artaireach agus cosaint talaimh tuaithe chun táirgeadh talmhaíochta a fheabhsú a bhí an bhéim in Éirinn le haghaidh uisce farasbairr a bhainistiú.  Is casadh réasúnta nua í in Éirinn priacal tuile a bhainistiú do phobail i gceantar uirbeacha, mar sin de, i gcomparáid le formhór na dTíortha Eorpaigh eile. Is iomaí pobal ar fud na hÉireann atá gan chosaint ar thuilte mar gheall air sin.<br><br>Tá sé mar aidhm ag an gcéad bhabhta de Phleananna tabhairt faoin mbunriosca sin, agus aithníonn bearta indéanta leis an leibhéal riosca a laghdú go dtí na caighdeáin náisiúnta nuair is féidir, nuair is cuí agus nuair atá sé inmharthana.  Bíonn oibreacha fisiciúla i gceist lena leithéidí beart molta go hiondúil, amhail struchtúir chosanta.<br><br>Aithnítear gur féidir le bainistíocht talamhúsáide dobharcheantair agus bearta um coinneáil uisce nádúrtha (NWPMs), i gcásanna áirithe, tairbhe a dhéanamh do sreabhadh tuilte le sruth a laghdú, agus gur féidir lena leithéidí beart buntáistí iomadúla níos leithne a bheith acu maidir le bithéagsúlacht, ceapadh carbóin, conláiste, srl. Aithnítear go forleathan, áfach, nach ndéanfaidh a leithéid beart tairbhe suntasach i ngach cás, go bhfuil an-chuid rannpháirtíochta úinéirí talún ag teastáil, agus go mbeadh tuilleadh taighde ina bhuntáiste acu chun tuiscint níos fearr a fháil ar a éifeachtaí agus atá siad.  Ní raibh sé indéanta ag leibhéal anailíse an Chláir CFRAM mionsocrú a dhéanamh ar cén bainistíocht talamhúsáide nó NWRMs a mbeadh éifeachtach agus fóirsteanach do gach dobharcheantar agus LMB.<br><br>Oibreoidh an OPW leis an GCC agus gníomhaireachtaí eile chun bearta a aithint a ndéanfaidh tairbhe do WFD agus spriocanna bainistíochta priacal tuile araon, amhail NWRMs, agus do bhithéagsúlacht freisin agus do spriocanna ionchasacha eile. Beidh sé seo mar chuid den mheasúnú ag leibhéal an tionscadail atá riachtanach chun oibreacha fisiciúla molta agus scéimeanna um faoiseamh tuile a fhorbairt i dtreo pleanála nó Taispeántas agus dearbhú (féach Cuid 8.1), ina d'fhéadfadh oibreacha ionchasacha a leasú nó a fheabhsú ach coinneáil uisce nádúrtha nó bearta comhchosúla a thabhairt isteach. Ar an obair a bheas i gceist, beidh staidéir phíolóta agus iarratais a lorg agus nuair is féidir, a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an WFD, Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil agus gníomhaireachtaí cuí eile.  Táthar ag súil gur cosúil go mbaintear é seo amach i gceantair ina bhfuil brúnna ar stádas éiceolaíoch dobharlaigh i bhfo-dhobharcheantar ina n-aithnítear priacal tuile féideartha suntasach freisin (i.e., LMB'anna). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| E9 | Tóchair | Imní faoi inbhuanaitheacht tóchar mar bhearta molta. | Go hiondúil, ní mholann na bearta sna Pleananna tóchair ach in áit bealach trasna atá níos sine, níos lú, nó mí-oiriúnach. Ní minic a mholtar tóchair nua in áit sruthchúrsaí atá ina gcainéil oscailte faoi láthair. Déantar gach beart, áfach, lena n-áirítear iad siúd a mholann tóchair a chur i bhfeidhm, a mheas agus a scóráil (inter alia) ar bhonn a gcuid inoiriúnaitheachta do sreabhadh méadaithe de thairbhe athrú aeráide, mar sin de, rinneadh measúnú soiléir ar inbhuanaitheacht a leithéid beart mar chuid den bPróiseas CFRAM. Chomh maith leis sin, déanfar athbhreithniú ar mhéid na dtóchar mionsonraithe ag mionfhorbairt scéime chun comhlíonadh cuí a chinntiú (faoi chásanna sreafa reatha agus sa todhchaí), ag teacht le Cuid 50 den Acht Siltin Airtéirigh 1945. |
| E10 | **Easpa Srianta Rialála ar Mhionathruithe Fhisiciúla** | An easpa srianta rialála ar mhionathruite dobharlach. | Is faoin gCreat-treoir Uisce (WFD) a chur i bhfeidhm atá sé chun tabhairt faoi srianta rialála do mhionathruithe fhisiciúla ar (agus astarraingtí as) dhobharlaigh a fhorbairt. Dá ainneoin sin, tá measúnú déanta ar na bearta molta leagtha amach sna Pleananna le taobh réimse de chuspóirí timpeallachta mar chuid den Anailís il-Chritéar, agus aithneoidh torthaí an phróisis seo tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na mionathruithe fhisiciúla, a chuirfidh eolas ar phlé roghanna eile ag an gcéad chéim eile i bhforbairt na mbeart, agus nuair is iomchuí, na bearta maolaitheacha ábhartha agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann Alt 4(7) den WFD a chur i bhfeidhm. |
| E11 | **EIA / AA a chinntiú ag Leibhéal-Tionscadail** | Soiléirigh an mbeidh measúnú EIA ar na bearta molta uilig agus cad é mar agus cé a dhéantar seo a shocrú? An mbeidh roinnt bhearta rangaithe mar Fhorbairt Díolmhaithe? | Ní thugann an Plean faomhadh nó cead do chur isteach nó do thógáil aon oibreacha fisiciúla. Tá forbairt na mbeart molta atá leagtha amach sa Phlean faoi réir gach srian cuí agus ní mór go gcloítear leis, lena n-áirítear scagadh do EIA agus AA nuair is iomchuí agus leibhéal iomlán tionscadail EIA agus AA de réir mar is cuí. Beidh an t-údarás atá freagrach as forbairt an bhirt (de ghnáth an OPW nó na húdaráis áitiúla) freagrach as cinntiú go gcloítear le nó go dtugtar faoi gach srian cuí agus riachtanais ceadúnais ag na cumhachtaí faoi seach. |
| E12 | **Teip ar Leordhóthanacht Beart Maolaitheacha a Léiriú** | léiríodh imní faoin gcur chuige ginearálta maidir le maolú ag leibhéal pleanála sa NIS. | Ba chóir tabhairt faoi deara nach dtugann an Plean cead do thógáil bhearta fisiciúla, agus nach bhfuil na bearta mollta iomlán agus críochnúil agus go ndéanfar roghanna eile / leasuithe a mheas ag an leibhéal-tionscadail den mheasúnú, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, leibhéal tionscadail AA agus EIA. Ní féidir, mar sin de, na bearta maolaithe cuí a shainmhíniú ag an leibhéal seo den mheasúnú.<br><br>Dá ainneoin an méid thuasluaite, tugtar eolas breise ar bhearta maolaithe caighdeánacha nó a d'fhéadfadh go mbeadh gá leo sna Pleananna agus measúnuithe / ráitis timpeallachta. |